Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13003/25**

**ECOFIN 1208**
**FISC 246**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le dreasachtaí cánach chun tacú leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan<br>- Formheas |

1. Sna conclúidí uaithi a formheasadh ag an gcruinniú a bhí aici an 20 Márta 2025[1], leag an Chomhairle Eorpach béim ar a phráinní atá sé iomaíochas na hEorpa a neartú agus ba dhíol sásaimh di cur i láthair an Chompáis Iomaíochais, an 29 Eanáir 2025, agus an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, an 26 Feabhra 2025.

2. An 2 Iúil 2025, d'eisigh an Coimisiún Eorpach a mholadh maidir le dreasachtaí cánach chun tacú leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus i bhfianaise Chreat Státchabhrach an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan.[2]

[1] Doiciméad EUCO 1/25, pointe 11.
[2] Doiciméad 11220/25.

3. Cuireadh an moladh sin i láthair agus pléadh é ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Díreach) an 7 Iúil 2025, inar mhol an Uachtaránacht tús a chur leis an obair ar shraith conclúidí ón gComhairle lena leagfaí amach treoir pholaitiúil maidir le dreasachtaí cánach chun tacú leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan. Thacaigh na toscaireachtaí leis an togra seo. Ina dhiaidh sin, d'ullmhaigh an Uachtaránacht na dréachtchonclúidí, chuir sí i láthair iad ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach an 3 Meán Fómhair 2025 agus d'iarr sí ar na toscaireachtaí seisiún tuairimíochta a bheith acu maidir leis an téacs. Agus na barúlacha a fuarthas á gcur san áireamh agus tar éis comhairliúcháin neamhfhoirmiúla a bheith aici leis na toscaireachtaí, d'ullmhaigh an Uachtaránacht na dréachtchonclúidí athbhreithnithe agus chuir sí faoi bhráid na Meithle um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) iad an 23 Meán Fómhair 2025 d'fhonn bailchríoch a chur ar an téacs. Ba dhealraitheach gur aimsíodh cothromaíocht idir tuairimí éagsúla sna dréachtchonclúidí athbhreithnithe. Leagtar amach téacs na gconclúidí ón gComhairle atá inghlactha ag na toscaireachtaí ar fad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

4. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, na conclúidí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a fhormheas.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le dreasachtaí cánach chun tacú leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá an dinimiceas eacnamaíoch a athbheochan san Eoraip agus an t-iomaíochas agus an athléimneacht a neartú d'fhonn rathúnas a áirithiú agus todhchaí na hEorpa a chosaint mar lárionad cumhachta eacnamaíoch, mar cheann scríbe infheistíochta agus mar ionad monaraíochta.

2. LEAGANN SÍ BÉIM AR A THÁBHACHTAÍ ATÁ sé athléimneacht na hEorpa a threisiú d'fhonn éiceachóras teicneolaíochta glaine a bhunú san Eoraip atá láidir agus inar féidir infheistíocht a dhéanamh, agus seasamh na hEorpa i slabhraí luacha domhanda ríthábhachtacha a chosaint, agus ar an gcaoi sin spleáchais iomarcacha ar líon teoranta soláthraithe tríú tír a laghdú i ndomhan atá ag síorathrú.

3. MEABHRAÍTEAR DI an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gCompás Iomaíochais, ina leagtar amach na trí riachtanas chlaochlaitheacha chun an t-iomaíochas a neartú: (1) an bhearna nuálaíochta a dhúnadh; (2) treochlár comhpháirteach a leagan síos don dícharbónú agus don iomaíochas; agus (3) spleáchais iomarcacha a laghdú agus an tslándáil a mhéadú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an teachtaireacht ón gCoimisiún i ndáil leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, ina gcuirtear i láthair cás gnó láidir le haghaidh dícharbónú mar fhoinse fáis agus rathúnais.

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI an moladh ón gCoimisiún maidir le dreasachtaí cánach chun tacú leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus i bhfianaise Chreat Státchabhrach an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan, ina leagtar amach prionsabail choiteanna chun treoir a thabhairt do na Ballstáit nuair a bheidh dreasachtaí cánach a thabhairt isteach acu chun rannchuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan a bhaint amach, agus béim á leagan ar roghanna beartais a bhaineann le cáin chorparáide.

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Creat Státchabhrach an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan a ghlac an Coimisiún le déanaí, lena dtacófar leis na Ballstáit forbairt a spreagadh i réimsí an fhuinnimh ghlain, an dícharbónaithe thionsclaíoch agus na teicneolaíochta glaine.

6. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR A THÁBHACHTAÍ ATÁ sé go leagtar amach sa mholadh prionsabail choiteanna chun treoir a thabhairt do na Ballstáit nuair a bheidh dreasachtaí cánach a thabhairt isteach acu chun rannchuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan a bhaint amach. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart féachaint ar dhreasachtaí cánach mar ghné a d'fhéadfadh gach Ballstát a mheas mar chuid de mheascán beartais athraitheach lena dtacaítear le forbairt a spreagadh i réimsí an fhuinnimh ghlain, an dícharbónaithe thionsclaíoch agus na teicneolaíochta glaine.

7. AITHNÍONN SÍ go bhfuil córais agus cineálacha éagsúla cur chuige cánachais chorparáidigh sna Ballstáit a bheidh le cur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le roghanna beartais le haghaidh dreasachtaí cánach, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach sa mholadh.

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, in éagmais rialacha ceangailteacha ar leibhéal an Aontais, gur sa Bhallstát féin amháin atá an inniúlacht i réimse an chánachais.

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh roinnt Ballstát breathnú ar na prionsabail agus na dreasachtaí cánach a leagtar amach sa mholadh a úsáid chun iomaíochas agus athléimneacht na hEorpa a neartú. LEAGANN SÍ BÉIM AR A RÍTHÁBHACHTAÍ ATÁ an tsolúbthacht ós rud é nach ionann an cás i ngach Ballstát agus, dá bhrí sin, go bhfuil riachtanais, acmhainní agus tosaíochtaí fioscacha éagsúla acu. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil saoirse ag na Ballstáit na dreasachtaí cánach a leagtar amach sa mholadh a dhearadh, a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir lena gcásanna aonair, agus na tionchair bhuiséadacha a d'fhéadfadh a bheith ann á gcur san áireamh.

10. AITHNÍONN SÍ go bhfuil dreasachtaí cánach ar fáil i roinnt Ballstát cheana féin mar a leagtar amach sa mholadh.

11. CUIREANN SÍ IN IÚL go bhféadfaidh na Ballstáit an raon feidhme teicneolaíoch a chur san áireamh agus dreasachtaí cánach á gceapadh acu chun tacú le fuinneamh glan, dícharbónú tionsclaíoch agus teicneolaíocht ghlan a fhorbairt gan forbairt an mhargaidh a dhíchobhsú ná cinntí infheistíochta cuideachtaí a theorannú.

12. MEABHRAÍTEAR DI go bhféadfar a mheas gur costéifeachtaí na dreasachtaí cánach atá bunaithe ar chaiteachas chun infheistíocht bhreise a ghiniúint ná dreasachtaí cánach atá bunaithe ar ioncam. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh sé nach mbeadh gach cuideachta in ann tairbhe a bhaint as gach cineál dreasacht chánach atá bunaithe ar chaiteachas, agus, dá bhrí sin, moltar do na Ballstáit é sin a chur san áireamh agus dreasachtaí cánach á gceapadh agus á gcur chun feidhme acu.

13. LEAGANN SÍ BÉIM Á AR A RIACHTANAÍ ATÁ sé dreasachtaí cánach a choinneáil simplí do chuideachtaí agus d'údaráis chánach chun go mbeidh siad in ann iad a thuiscint agus a úsáid agus chun deimhneacht dhlíthiúil a chur ar fáil do ghnólachtaí agus d'údaráis chánach araon. MEABHRAÍTEAR DI, i ndáil leis an méid sin, na prionsabail a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle an 11 Márta 2025 maidir le clár oibre um dhíthrangláil agus simpliú cánach, rud a chuireann le hiomaíochas an Aontais.

14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na Ballstáit a chur ar an eolas faoi fhorbairtí idirnáisiúnta i réimse na ndreasachtaí cánach chun tacú leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan.

15. MOLANN SÍ do na Ballstáit, agus tacaíocht á fáil ón gCoimisiún acu, meastóireacht a dhéanamh, más iomchuí, ar éifeachtacht aon dreasachtaí cánach atá curtha chun feidhme acu agus dea-chleachtais a mhalartú le Ballstáit eile. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a mharana a dhéanamh ar chéimeanna breise chun tacú leis na Ballstáit dreasachtaí cánach a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm.

16. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le cur chuige fadtéarmach, dea-struchtúrtha, comhsheasmhach chun an dinimiceas eacnamaíoch a athbheochan san Eoraip chun an t-iomaíochas a neartú, cur chuige dá dteastaíonn comhar idir an Coimisiún, an Chomhairle, na húdaráis náisiúnta agus na páirtithe leasmhara.